

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN BUNSCOILE

EAGRÁN 14 – Nollaig 2019

Fáilte go heagrán a ceathair déag de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán do bhunscoileanna. Tá a fhios againn ón aiseolas uaibh go bhfeiceann neart agaibh ar na ríomhfheasacháin seo mar thaca úsáideach agus sibh ag glacadh páirt go leanúnach sa phróiseas FMS. Tá na heagrán uile roimhe seo den ríomhfheasachán ar fáil le híoslódáil agus le priontáil amach ón [suíomh gréasáin FMS](#).

Is deacair a chreidiúint go bhfuilimid cheana féin ag tús 2020. Ciallaíonn sé sin go bhfuilimid ag teacht chuig deireadh an timthrialla seo de FMS. Le hImlitreacha 0039/2016 agus 0016/2018 tógtar scoileanna agus an córas chuig deireadh Mheitheamh 2020. Le linn an timthrialla, tá a gcleachtais FMS forbartha ag scoileanna agus tá a fhios againn gur bhain neart scoileanna an-úsáid as an bpróiseas chun aistriú a bhainistiú agus feabhsúcháin a dhéanamh san fhoghlaim agus sa teagasc. Níos déanaí in 2020, foilseofar imlitir nua chun an córas a threorú ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh agus chun tacú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcleachtais FMS bhunaithe.

Tá dhá alt san eagrán seo den Nuashonrú. Sa chéad alt leantar den chomhrá faoi FMS a bheith ina bhealach le feidhmiú i scoileanna agus fiosraítear conas a d'fhéadfadh scoileanna *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a úsáid mar chuid dá bpróiseas FMS agus freisin mar uirlis chun tacú le hathmhachnamh agus feabhsúchán leanúnach. Sa dara halt caitear súil eile ar spriocanna a shocrú i gcéim a ceathair den phróiseas FMS.

Le linn 2019, lean cigirí de chuartheanna comhairle FMS a sholáthar i scoileanna. Cuairteanna neamh-mheastóireachta ó chigire is ea iad seo, ag am atá feiliúnach don scoil. Is é aidhm na gcuairteanna seo tacú le scoileanna lena bpróiseas, sa chaoi is go mbeidh an tionchar aige atá uathu. Tá sé ráite ag scoileanna linn gur bhain siad tairbhe as na cuairteanna seo agus gur chuidigh siad leo a gcomhráite féin a dhéanamh níos doimhne agus a bpróiseas a dhéanamh níos díri i gcomhthéacs a scoileanna féin.

Chun cuairt a iarraidh, ní gá ach r-phost a sheoladh chuig info@schoolself-evaluation.ie le hainm agus uimhir rolla do scoile.

An Chigireacht - Aonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta

Clár

FMS mar bhealach le feidhmiú - LAOS 2016 a úsáid don athmhachnamh

leathanach 2

Spriocanna fiúntacha a shocrú

leathanach 4

LAOS 2016 a úsáid go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil chun tacú le hathmhachnamh

I Nuashonrú FMS 13, bhí alt againn dar teideal *FMS mar Bhealach le Feidhmiú*. San alt sin phléamar an chaoi ina bhfuil FMS curtha chun cinn mar *an* próiseas chun cuidiú le scoileanna athmhachnamh a dhéanamh agus athrú a bhainistiú ar fud chóras uile na scoile. Scrúdaíodh freisin conas a d'fhéadfadh scoil úsáid a bhaint go foirmiúil as an bpróiseas le sé chéim chun dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí fócais a aithníodh ar leibhéal na scoile uile, ach freisin conas a d'fhéadfaí an próiseas a úsáid ar bhealach neamhfhoirmiúil chun míreanna eile a chur chun cinn, toisc go raibh an próiseas ina bhealach seanbhunaithe acu.

Tá a fhios againn go bhfuil *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna* (LAOS) á úsáid níos mó agus níos mó ar fud an chórais. Baineannsoláthraithe FGL úsáid as i gcomhráite faoi theagasc agus foghlaim; baineann an Lárionad Ceannaireachta Scoile úsáid as chun tacú le forbairt na gceannairí scoile; baineann boird bhainistíochta úsáid as agus iad ag ceapadh múinteoirí le ról ceannaireachta; agus baineann cigirí úsáid as mar threoir ar mheastóireacht sheachtrach.



Tá LAOS in úsáid ag scoileanna, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil. Tá neart acu ag baint úsáide as ar bhealach níos foirmiúla chun tacú lena rannpháirtíocht sa phróiseas FMS ina bhfuil sé chéim. Cloisimid freisin ó neart scoileanna go bhfuil siad ag baint úsáide as an gcreat ar bhealach níos neamhfhoirmiúla mar threoir ar athmhachnamh agus chun cuidiú leo smaoinemh faoina scoileanna. Foilsíodh LAOS in 2016 ag an am céanna leis na Treoirínte FMS agus Imlitir 0039/2016 chun tacar de chaighdeán a sholáthar do dhá dhimínean d'obair scoile: Teagasc agus Foghlaim, agus Ceannaireacht agus Bainistíocht. I dtaca le gach caighdeán, tá ráitis ar chleachtas éifeachtach agus ar chleachtas fíoréifeachtach.

LAOS a úsáid chun tacú le FMS

Dar le scoileanna, tá LAOS 2016 ina bhonn braite úsáideach chun cuidiú le a bpróiseas FMS a mhúnlú agus treoir a thabhairt dá n-athmhachnamh agus iad ag gabháil do phróiseas ina bhfuil sé chéim.

Tugann na ráitis ar chleachtas samplaí praiticiúla den chuma atá ar gach caighdeán aonair nuair a bhíonn an cleachtas éifeachtach agus fíoréifeachtach. Is féidir leo cuidiú le scoileanna agus múinteoirí na ceisteanna bunúsacha a chuireann FMS a fhreagairt. Sa tábla anseo thíos taispeántar na trí bhuncheist ar thaobh na láimhe clé agus na ceisteanna a ghabhann leo nó atá curtha ar bhealach eile nuair a smaoiníonn tú orthu ag baint úsáide as LAOS.

Cad atá ag obair go maith?	Cad iad na gnéithe dár gcleachtas atá éifeachtach / fíoréifeachtach cheana féin?
Cad nach bhfuil ag obair chomh maith agus ba mhaith linn?	Cad iad na gnéithe dár gcleachtas nach bhfuil éifeachtach / fíoréifeachtach fós?
Conas is féidir linn feabhas a chur ar rudaí?	Cad is gá dúinn a dhéanamh chun ár gcleachtas a fheabhsú lena chinntiú go bhfuil sé éifeachtach / fíoréifeachtach?

I gcéim a haon (Ainmnigh an fócas), mheas neart scoileanna go bhfuil sé úsáideach caighdeán amháin nó dhó agus a ráitis a thógáil chun cuidiú leo scagadh a dhéanamh ar réimsí fócais féideartha agus an réimse (nó na réimsí) is tábhachtaí d'fhoghlaim na ndaltaí a aimsiú. Bhraith scoileanna eile freisin go raibh LAOS úsáideach chun cuidiú leo an bealach ina mbailíonn siad fianaise a mhúnlú. Is i gcéim a trí (déan anailís agus déan breithiúnais) a bhraitheann neart scoileanna gur féidir le LAOS cuidiú leo i ndáiríre a fháil amach cad atá á rá ag an bhfianaise leo, agus tacú leo athmhachnamh a dhéanamh ar a láidreachtaí agus a réimsí forbartha. Tháingamar ar scoileanna freisin a bhain úsáid as na caighdeáin mar phointe tosaigh chun spriocanna a mhúnlú ina bpleananna feabhsúcháin.

Mórpoinnte foghlama do scoileanna i taca le húsáid LAOS mar chuid dá bpróiseas FMS ab ea gan an-iomarca caighdeán a úsáid! Ní raibh sé ar intinn riamh go mbainfeadh scoil úsáid as na caighdeáin go léir i bpróiseas FMS, ná fiú líon mór acu. Tugann na scoileanna faoi deara gur fearr líon beag de chaighdeáin a aithint a bhaineann go háirithe lena réimse fócais agus na caighdeáin seo a úsáid chun a smaointeoireacht a threorú agus a mhúnlú.

LAOS a úsáid ar bhealach níos neamhfhoirmiúla

De réir mar a théann scoileanna i dtaithí ar LAOS tagann siad ar bhealaí eile chun é a úsáid. Ceann dá chuspóirí is ea teanga choitianta a chur ar fáil chun cuidiú le múinteoirí, ceannairí scoil agus foirne uile gabháil d'athmhachnamh agus comhráite faoi theagasc agus foghlaim, agus ceannaireacht agus bainistíocht.

Seo a leanas roinnt samplaí den chleachtas dearfach a chualamar fúthu:

- Déanann príomhoide amháin caighdeán amháin a phriontáil amach in éineacht le ráiteas ar chleachtas éifeachtach agus fíoréifeachtach roimh gach cruinniú foirne. Caitheann na múinteoirí thart ar dheich nóiméad ag caint faoina gcleachtas féin i dtaca leis an ráiteas ina bpéirí agus ansin labhraíonn an fhoireann go léir faoi rudaí atá ag obair go maith dóibh i dtaca leis an gcaighdeán sin.
- Bhí fonn mór ar an bhfoireann i scoil eile smaoineamh a thuilleadh faoi foghlaim na ndaltaí. Bhraith siad go raibh comhráite i gcónaí ag plé leis an teagasc sa scoil. Thóg gach múinteoir caighdeán amháin a bhain leis an bhfoghlaim agus, thar cúpla cruinniú foirne, rinne gach duine acu plé gairid a stiúradh. Chuir siad na príomhphointí as na ráitis ar chleachtas i láthair agus ansin mar fhoireann iomlán bhí deis acu labhairt fúthu.
- I scoil eile, bhí a fhios ag an bhfoireann go bhféadfaí feabhas a chur ar an measúnú. Bhí machnamh déanta acu ar an measúnú a aithint mar phríomhfhócas FMS acu ach d'aontaigh siad go raibh foghlaim na ndaltaí i scoileanna na teanga labhartha agus na heolaíochta níos tábhachtaí ag an bpointe sin. Rinne siad dul chun cinn le scoileanna teanga labhartha agus eolaíochta trína bpróiseas foirmiúil FMS. D'fhonn cuidiú leo leanúint ag smaoineamh faoin measúnú, tugadh cóip den leathanach do gach múinteoir ar a raibh na ráitis ar chleachtas don chaighdeán: *Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn*. Thar téarma iomlán, bhain na múinteoirí úsáid as ina ngrúpaí pleanála beaga chun athmhachnamh a dhéanamh ar aon athruithe beaga a d'fhéadfaidís a dhéanamh ina gcleachtais mheasúnaithe.
- Bhain foireann bainistíochta inscoile amháin ar bhuaileamar leo úsáid as réimsí na ceannaireachta agus na bainistíochta chun cuidiú leo machnamh a dhéanamh ar an obair a bhí ar siúl acu. Dúirt siad linn gur chuidigh sé leo athmhachnamh a dhéanamh ar a dtosaíochtaí mar cheannairí scoile agus ar an gcaoi a d'oibrigh siad mar fhoireann.
- Bhuaileamar freisin le bord bainistíochta a bhain úsáid as LAOS ar bhonn bliantúil chun cuidiú leis na comhaltaí athmhachnamh a dhéanamh ar obair an bhoird an bhliain sin. Rinne siad liosta de na rudaí a d'oibrigh go maith agus, le chéile, d'aithin siad rud amháin a d'athróidís don chéad bhliain eile.

Táimid cinnte, sna blianta seo atá ag teacht, go leanfaidh na scoileanna de LAOS a úsáid níos mó agus níos mó go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ina gcuid oibre agus ina gcleachtais athmhachnamh. Má tá do scoil ag baint úsáide as LAOS ar bhealaí ar mhaith leat a roinnt – ná bíodh leisce ort r-phost a chur chugainn ag info@schoolself-evaluation.ie.

Spriocanna fiúntacha a shocrú – súil eile

Pointe spreagúil sa phróiseas FMS is ea Céim 4 (Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feabhsúcháin) toisc gurb ansin a thosaíonn tú i ndáiríre ag féachaint ar an todhchaí agus ag aithint na n-athruithe agus na bhfeabhsúcháin is mian leat a dhéanamh ar fhoghlaim na ndaltaí. Ní gá ach doiciméad gearr a bheith sa tuairisc agus plean feabhsúcháin. Is iad na cuspóirí atá aige na láidreachtaí a cheiliúradh, na nithe atá le feabhsú a ainmniú, agus ‘mapa’ a chruthú mar threoir dod’ aistear amach anseo.

Is den tábhacht é spriocanna fiúntacha a shocrú toisc go dtugann siad rud duit le hobair ina leith agus go gcuidíonn siad le fanacht dírithe ar an sprioc dheiridh – feabhsúcháin ar fhoghlaim na ndaltaí. Is í an cheist is tábhachtaí le cur nuair atá machnamh á dhéanamh ar spriocanna: *An mbeidh a fhios agam go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn nuair a dhéanfaimid athbhreithniú air?*

Le linn na meastóireachtaí agus na gcuartheanna comhairle FMS, chualamar faoi na cineálacha dúshlán is féidir a bheith ann agus spriocanna á socrú. Aithnítear go maith, in aon phleanáil gníomhaíochta d’fheabhsúcháin, gur féidir le socrú spriocanna a bheith deacair agus tá sé fíor go háirithe i réimse an oideachais nuair atá an méid sin toscaí le cur san áireamh. San alt seo, chuireamar le chéile roinnt de na ceisteanna coitianta a thagann aníos agus tugaimid roinnt freagraí gearra chun cuidiú leat do bhealach a dhéanamh trí spriocanna fiúntacha a shocrú.

Cé mhéad spriocanna ba chóir a bheith i bplean feabhsúcháin? Ní aon fhreagra docht daingean ar an gceist seo – braitheann sé i ndáiríre ar do chomhthéacs. Ach tá a fhios againn, nuair a bhíonn an-iomarca spriocanna ann, nach féidir iad a láimhseáil agus a bhainistiú. Go minic ní gá ach sprioc amháin nó dhó atá curtha go maith, agus a bhfuil gníomhartha cinnte ailínithe le gach ceann acu.

Ar chóir spriocanna a bheith ailínithe le bonnlíne?

Is é an freagra simplí ar an gceist seo: ba chóir. Baineann FMS le feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí do dhaltaí – bunaithe ar an bhfianaise. Trí bhailiú fianaise, bunaíonn tú faisnéis bonnlíne, nó an pointe tosaigh, agus tá sé seo ríthábhachtach chun a fháil amach cé acu an bhfuil dul chun cinn déanta nó nach bhfuil. Mar sin, b’fhéidir go mbeadh a leithéid seo mar sprioc sa mhatamaitic: *Codán na leanaí a bhaineann os cionn an 50^ú peircintíl san fhadhbhréiteach a ardú ó 53% go 55%*. Nó, san fhoghlaim dhigiteach: *Líonn na dteagmhálacha seachtainiúla a bhíonn ag na daltaí le teicneolaíochtaí digiteacha mar chuid dá bhfoghlaim ardú ón meán reatha de thrí cinn*.

Trí thagairt a dhéanamh don bhonnlíne, cuideoidh sé leat a aithint níos éasca go bhfuil an sprioc bainte amach agus ceiliúradh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta.

An gá do na spriocanna a bheith uimhriúil i gcónaí?

Is é an freagra: ní gá i gcónaí. Tá sé ciallmhar do scoileanna spriocanna a chruthú agus a fhios acu go bhfuil siad SMART (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe). Cuid de na réimsí fócais agus an fhianaise atá bailithe, is fearr a chuidíonn siad le spriocanna atá bunaithe ar uimhreacha nó céatadáin a chruthú. Mar shampla, má tá gné den léitheoireacht aitheanta ag scoil, beidh sé níos éasca sprioc uimhriúil a chruthú bunaithe ar anailís ar scóir tástála.

Uaireanta eile, áfach, b’fhéidir go dtabharfaidh tú faoi cheist na spriocanna ar bhealach eile. B’fhéidir go gcinnfidh tú go bhfuil spriocanna nach bhfuil bunaithe ar mhéaduithe céatadáin níos oiriúnaí. Mar sin, mar shampla, i réimse na teanga labhartha d’fhéadfadh cuma mar seo a bheith ar sprioc: *Léireoidh na daltaí feabhsúcháin intomhaiste ina gcumas le scéalta agus insintí samhlaíocha a insint agus a athinsint i dtimpeallacht na scoile (daoine aonair, grúpaí, a rang féin) faoi Mheitheamh 2021*.

An féidir le spriocanna a bheith bunaithe ar dhearcthaí agus meonta na ndaltaí?

Is féidir, cinnte. Tá dearcthaí agus meonta na ndaltaí ina ngnéithe tábhachtacha de thorthaí na bhfoghlaimeoirí. Tá sé ríthábhachtach dearcthaí agus meonta na ndaltaí a ghabháil ag an tús d’fhonn

spriocanna a shocrú sa réimse seo. D'fhéadfá an t-eolas seo a ghabháil trí shuirbhé, nó trí úsáid a bhaint as roinnt fócasghrúpa gearra. Seo sampla den chineál seo sprice do scoil dírithe ar fheabhas a chur ar an bhfoghlaim sa cheol: *Beidh méadú ar líon na ndaltaí a aontaíonn (i suirbhé) go mbaineann siad taitneamh as ceachtanna ceoil agus gur maith leo éisteacht le cineálacha éagsúla ceoil.*

An féidir linn spriocanna a shocrú faoi eispéiris na bhfoghlaiméirí?

Is féidir, cinnte. Tá feabhsú ar thorthaí na bhfoghlaiméirí ar cheann de phríomhchuspóirí FMS, mar sin d'fhéadfadh an-tábhacht a bheith le spriocanna a shocrú bunaithe ar eispéiris na bhfoghlaiméirí, ag brath ar do réimse fócais. D'fhéadfadh é seo a leanas bheith mar shampla den chineál seo sprice do scoil ag díriú ar fheabhas a chur ar fhoghlaim scileanna san Eolaíocht: *Forbairt a dhéanamh ar scileanna iniúchta, pleanála, déanta agus meastóireachta na ndaltaí: gabhfaidh na daltaí do thrí thionscadal deartha agus déanta le linn na scoilbhliana 2019/20.*

An féidir linn spriocanna a shocrú faoi chleachtas na múinteoirí?

Is é sprioc dheiridh FMS feabhas a chur ar fhoghlaim na ndaltaí. Tá cleachtas na múinteoirí, idir chleachtas aonair agus chleachtas chomhoibríoch, ina phríomhthosca a théann i gcion ar fhoghlaim na ndaltaí. Mar sin, uaireanta, d'fhéadfadh sé bheith úsáideach sprioc a bheith ann atá dírithe ar chleachtas na múinteoirí, go háirithe má tá athruithe suntasacha nach mór a bheith ann. Mar shampla, má tá scoil ag baint úsáide as an bpróiseas FMS chun Curaclam Teangacha na Bunscoile a chur i bhfeidhm, b'fhéidir go mbeadh an sprioc seo a leanas acu sa chéad bhliain: *Déanfaidh na múinteoirí uile pleanáil chun stór focal agus struchtúr abairte agus gramadach a theagasc ag baint úsáide as torthaí foghlama Churaclam Teanga na Bunscoile.*

Ar chóir spriocanna agus gníomhartha a bheith nasctha?

Gan amhras. Ba chóir na gníomhartha aitheanta a bheith ailínithe go díreach chun na spriocanna atá socráithe a bhaint amach. Mar sin, mar shampla, má bhaineann do sprioc le feabhas a chur ar scileanna fiosraithe stairiúla na ndaltaí, ansin b'fhéidir go n-áireoidh na gníomhartha na rudaí a dhéanfaidh múinteoirí le linn ceachtanna staire, na cineálacha eispéireas a bheidh ag na daltaí, na bealaí ina ndéanfar scileanna a mheas, na acmhainní nach mór a shealbhú, agus an FGL a ngabhfaidh na múinteoirí dó.


Cad a tharlaíonn má thugaimid faoi deara go bhfuil na spriocanna míchearta socráithe againn?

Tarlóidh sé seo ó am go ham. Ní eolaíocht chruinn é socrú spriocanna agus uaireanta is féidir linn bheith ró-uailmhianach nó tearc-uailmhianach ag tús phróiseas feabhsúcháin. Tá FMS ceaptha le bheith solúbtha agus freagrúil do riachtanais do scoile. Agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar an dul chun cinn le spriocanna, beidh athbhreithniú á dhéanamh agat freisin ar a n-oiriúnacht. Mar sin, má fhaigheann tú amach nach bhfuil ceann de na spriocanna chomh hoiriúnach agus a cheap tú ar dtús, nó nach bhfuil sé ábhartha a thuilleadh, déan athbhreithniú air, déan leasú air, agus lean ar aghaidh leis an próiseas.

Meabhrúcháin de na Tacaíochtaí do FMS

Coinnigh i dteagmháil leis na forbairtí faoin FMS ar ár suíomh gréasáin agus ar ár meáin shóisialta.

Cliceáil ar na deilbhíní thíos chun rochtain a fháil ar an nasc cúí nó chun clárú lenár bhfothaí sna meáin shóisialta.



Ag ullmhú don chéad Timthriall FMS eile

Mar is eol duit ceapadh Imlitir 0039/2016 agus Treoirlínte FMS 2016 chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do scoileanna agus an próiseas in úsáid acu, chomh fada le Meán Fómhair 2020.

Cheana féin, lorg an Chigireacht aiseolas agus moltaí ó scoileanna, ceannairí scoile, múinteoirí agus baill de bhoird bhainistíochta trí shuirbhé ar líne, agus i gcomhráite le múinteoirí agus ceannairí scoile le linn cuairteanna ar scoileanna.

Le linn na míonna tosaigh de 2020, beimid ag obair leis na comhpháirtithe oideachais chun treoir a ullmhú do scoileanna don chéad timthriall FMS eile ó 2020 ar aghaidh. Mar chuid den chaidreamh sin, táimid ag tnúth le smaointe agus moltaí a fháil ó scoileanna agus ceannairí scoile i dtaca le forbairt bhreise FMS.